# Glór Cheatharlach

## Sceideal an fhómhair ar TG4

BEIDH siamsaíocht, stair, spórt agus spraoi den scoth ar fáil go flúirseach i gclársceideal nua TG4 de réir an eolais atá foilsithe ag an gcainéal lena sheoladh fómhair le déanaí. Ar na gnéithe is tarraingtí ann tá léargas nuálach ar ghnéithe rúnda agus folaithe de shaol na hÉireann, beochraoladh eisiach ar na cluichí Gaelacha, idir fhir is mhná, beochlúdach agus buaicphointí saor go haer ar Shraith Rugbaí Rabo Direct agus Chorn Heineken, rogha iontach ábhair do dhaoine óga agus seirbhís nuachta agus cúrsaí reatha atá éagsúil agus ábharach.

Sa tsraith nua "Jockey Eile" tabharfar an deis do 20 ógánach, idir fhir agus mhná, a gcumas mar mharcaigh a léiriú agus dul i bhfeidhm ar shaineolaithe, ina measc Séan Bán Breathnach agus Joe Connolly. Tá comhairle (agus cáineadh freisin nuair is gá) ar fáil ó mharcaigh aitheanta ar nós Davy Russell agus Kevin Manning. Beidh an fear siúlach Manchán Magan ag dul timpeall na hÉireann in "Déanta in Éirinn" gan ach earraí agus ábhar Éireannach a úsáid aige agus bia agus deoch Éireannach a ithe agus a ól? Moltar dúinn ar fad go háirithe le linn na géirchéime eacnamaíochta, tús áite a thabhairt do dhéantús ár dtíre féin. Faigheann Manchán amach go mbíonn sé deacair go leor teacht ar an earra Éireannach uaireanta, agus costasach..

Beidh cúrsaí spóirt le Rugbaí agus GAA Beo an-ard ar an sceideal mar is gnáthach. Beidh clúdach cuimsitheach ar na mórchomórtais gairmiúla rugbaí ar fad leis an gCorn Heineken agus sraith nua RaboDirect Pro12. Agus ar ndoigh na cluichí gaelacha chun tosaigh gach deireadh seachtaine le cluichí ceannais na hÉireann faoi 21, Peil na mBan chomh maith le cluichí ceannais contae agus Craobh Club AIB. Craolfar cláir shláinte, cheoil agus amhranaíochta chomh maith le cláracha do dheagóirí agus do pháistí.

TG4 Súil Eile! Bígí ag faire an fómhar seo!




Láithreoirí TG4 réidh do sceideal an fhómhair

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| siamsaíocht | entertainment |
| clársceideal | programme schedule |
| cainéal | channel |
| léargas | insight |
| nuálach | innovative |
| eisiach | exclusive |
| buaicphointí | highlights |
| saineolaithe | experts |
| tús áite | priority |
| cuimsitheach | comprehensive |

## Ranganna sa Sean-Nós

ANOIS agus deireadh tagtha leis an samhradh, na daltaí ar ais ar scoil agus na hoícheanta ag éirí fada tá daoine fásta ag smaoineamh ar chúrsaí oíche a dhéanamh iad féin. Céard faoi thriail a bhaint as rud iomlán nua agus difriúil i mbliana? Céard faoi cúpla céim sa rince Sean-Nóis a fhoghlaim? Cuirfear tús le ranganna i gCeatharlach go luath agus beidh fáilte roimh chách.

Tá mór-éilimh ar an sean-nós fud fad na tíre le blianta beag anuas toisc an próifíl ard spleodrach atá ag an rince ar




chláracha teilifíse cosúil le Jig Gig, Jigs 'n Reels agus Steip.

Reachtáilfear an cúrsa i nGaelcholáiste Cheatharlach, Easca ar oícheanta Mháirt ag a seacht a chlog le tosnú ar Dé Máirt, 2ú Deireadh Fómhair. Tá costas €50 ar an gcúrsa agus is í an rinceoir aitheanta Irene Cunningham as Caiseal, Conamara a bheidh i mbun teagaisc. Ní foláir clárú don chúrsa sa Ghaelcholáiste roimhré, Luan go hAoine idir 9.00 ar maidin agus 5.00 tráthnóna. Tá gach eolas ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 087 2857048 nó 085 1340047. Bígí ag damhsa!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| ag smaoineamh | contemplating |
| iomlán nua | totally different |
| cúpla céim | few steps |
| éileamh | demand |
| aitheanta | famed |
| teagasc | instruction |

## Gaelscéal ar Scoil ar ais

TÁ an forlíonadh Gaelscéal ar Scoil ar ais agus foilseofar é gach Céadaoin i rith na scoilbhliana leis an nuachtán seachtainiúil Gaelscéal. Beidh fáil i mbliana ag múinteoirí ar bhunachar sonraí d'ábhar oideachais bhreise ag www.oideachas.gaelsceal.ie chun forbairt a dhéanamh ar ábhair scoile cosúil leis an nGaeilge, OSSP agus OSPS.




Beidh neart ábhair ar fáil san fhorlíonadh gach seachtain do rang Gaeilge na hArdteistiméireachta agus an Teastas Shóisearaigh chomh maith le Comhairle Gairmthreorach agus beidh ábhar tacaíochta ó Comhar na Múinteoirí Gaeilge ann do mhúinteoirí.

Tá síntiúis ar fáil ag múinteoirí agus ag mic léinn ar phraghas íseal speisialta. Mar sin na bí gan do chóip de Gaelscéal gach seachtain.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| forlíonadh | supplement |
| seachtainiúil | weekly |
| bunachar sonraí | database |
| forbairt | develop |
| neart | plenty |
| ábhar tacaíochta | support material |
| síntiúis | subscriptions |

## Gaeilge agus Gàidhlig

TÁ clárú ag dul ar aghaidh an-sásúil le Glór Cheatharlach do na cúrsaí Gaeilge agus Gàidhlig a reachtáilfear i gCeatharlach an fómhar seo.

Bunchúrsa gearr thar sé seachtaine a bheidh ar fáil sa Ghàidhlig le tosú ar an Luan,1ú Deireadh Fómhair ag 7.00i.n.

Cuirfear ceithre leibhéal de na cúrsaí Gaeilge i gcomhar le Gaelchultúr ar fáil thar deich seachtaine. Beidh na bunleibhéil ar siúl oícheanta Luain agus na meánleibhéil ar oícheanta Mháirt leis na ranganna go léir ó 7.00-9.00i.n. in Oifigí na Comhairle Chontae ar Bhóthar Átha Í. Is féidir clárú ar líne ar www.gaelchultur.com. Gach eolas ó Glór Cheatharlach ar 085 1340047, 087 2857048 nó emma @glorcheatharlach.ie

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| clárú | registration |
| sásúil | satisfactory |
| fómhar | autumn |
| bunchúrsa | basic course |
| leibhéil | levels |

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!




The Gathering team members Pat Lynch and Fionnán Nestor at the meeting in Mt Wolseley Hotel Photo: John Courtney




Some of the participants in the recent Fitness Fitex Extravaganza in the Dolmen Hotel Photo: Michael O'Rourke